# FORBAIRT GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ
## TEAGASC AR LÍNE

# AN BOSCA CABAIREACHTA
## FREAGRAÍ DIÚLTACHA

### Aidhm

Ag cleachtadh conas freagraí diúltacha a thabhairt ar cheisteanna.

### Treoir

Scríobhann gach foghlaimeoir abairt sa bhosca cabaireachta. Ansin iarann an múinteoir ar fhoghlaimeoirí éagsúla iarracht a dhéanamh gach abairt a chasadh ina habairt dhiúltach.

Sampla:

D'imigh mé go Páras ag an deireadh seachtaine. / Ní dheachaigh mé go Páras ag an deireadh seachtaine.

Ní raibh mé i gCorcaigh ag an deireadh seachtaine. / Ní i nGaillimh a bhí mé ag an deireadh seachtaine.

### Forbairt / Nótaí

Is féidir na habairtí diúltacha a leathnú amach chun a bheith níos cruthaithí agus iad a chur in oiriúint do leibhéal níos airde teanga.

Sampla:

Tá mé ag ól caife as cupán buí / Níl mé ag ól caife as cupán buí / Níl an cupán atá agam buí / Ní caife atá sa chupán buí atá agam / Níl mo chupán gorm.